Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6245/24**
**ADD 1**

**VETER 9**
**FOOD 19**
**DELACT 19**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023)8519 - ST16974 + ADD1 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE)... /... ÓN gCOIMISIÚN an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha sláinteachais maidir le feoil, táirgí iascaigh, táirgí déiríochta agus uibheacha áirithe<br>*- Gníomh Tarmligthe- Rún gan agóid a dhéanamh* |

**Ráiteas ón Danmhairg**

Is mian leis an Danmhairg agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe lena leagtar síos ceanglais maidir le feoil áirithe, táirgí iascaigh, táirgí déiríochta agus uibheacha. Ní sholáthraítear leis an ngníomh tarmligthe an tsolúbthacht a bhfuil gá léi, agus fágann na forálacha atá beartaithe go mbeidh costas agus dua gan údar i gceist leis an marú ag an ngabháltas bunáitíochta gan éifeacht dhoiciméadaithe i gceist leis don sláinteachas bia ná do leas na n-ainmhithe.

Is fadhb don Danmhairg é nach mór don tréidlia oifigiúil a dhéanfaidh an chigireacht *ante-mortem* ar an ainmhí atá le marú a bheith i láthair tráth a ndéanfar an marú. Níl aon ghá leis sin toisc nach mór an t-aonad soghluaiste a úsáidtear le haghaidh marú ar an bhfeirm a bheith mar chuid de sheamlas formheasta, áit nach bhfuil aon cheanglas tréidlia oifigiúil a bheith i láthair i gcónaí.

Ós a choinne sin, i gcás géim saothraithe sa reachtaíocht atá ann cheana, ní gá tréidlia oifigiúil a bheith i láthair tráth an mharaithe nuair atá an gabháltas bunáitíochta suite i réigiún nach bhfuil faoi shrianta sláinte agus ina bhfuil an leibhéal iomchuí inniúlachta léirithe ag an oibreoir gnólachta bia maidir le hainmhithe a mharú gan aon phian, anacair ná fulaingt inseachanta a chur ar na hainmhithe. Measann an Danmhairg gur cheart feidhm a bheith ag coinníollacha comhchosúla maidir le marú ag an ngabháltas bunáitíochta.

Ina theannta sin, níl aon chúis le forálacha a leagan síos lena dteorannaítear líon na n-ainmhithe a fhéadfar a mharú an tráth céanna, fad a bheidh na forálacha maidir le leas ainmhithe agus sláinteachas seamlais i bhfeidhm. Sa reachtaíocht atá ann cheana maidir le géim saothraithe, níl aon srian ann agus is féidir roinnt ainmhithe a mharú an tráth céanna. Féadfar iad a iompar freisin san fheithicil chéanna chuig an gcuideachta láimhseála géim. Ba cheart go mbeadh feidhm aige sin freisin maidir le marú ag an ngabháltas bunáitíochta.

Dá bhrí sin, tathantaíonn an Danmhairg ar an gCoimisiún féachaint an athuair ar an ngníomh tarmligthe, d'fhonn an tsolúbthacht is gá a áirithiú maidir leis na forálacha a bhaineann le tréidlia oifigiúil a bheith i láthair agus maidir leis na forálacha a bhaineann le líon na n-ainmhithe a fhéadfar a mharú an tráth céanna.